9Úrscéal (novel) – ***Cúpla***

Údar (author) - *Ógie Ó Ceilleachair*

Fifteen year-olds Sharon and Éile are twins. They may look alike but the two girls couldn't be more different. Éile is a quiet and studious girl who does well in school. Sharon, on the other hand, is wild and always in trouble of one kind or another. It's nearly time for the girls to sit their Junior Certificate and time for the troublesome twins to hit the books, but one day Sharon sees something that shakes her to the core. Study is the furthest thing from her mind as she tries to forget her shocking discovery. Meanwhile, Éile is stunned and terrified as she watches Sharon spiral out of control. Can Éile help her twin sister? Or is it too late?

****

Cai bidil 1

- Mairéad Ní Bhraonáin is ainm an mháthair agus tá sí pósta le Timmy Ó Braonáin. Tá beirt iníon acu. Is cúpla iad Sharon agus Éile. Tá siad ag freastal ar scoil lanchailíni. Tá Mairéad buartha faoi Sharon mar nach bhfuil nach deirfiúracha ag éirí go maith le chéile le tamaillin.
- Is múinteoir é Timmy i Scoil na mBráithre sa bhaile. Is traenalaí iomanaíochta é ar scoil agus tá an leasainm *Timmy Tíogar* air.
- Tá Éile cliste agus acadúil. Oibríonn sí go dian ar scoil. Tá suim aici sa chispheil agus is aoibhinn lei an capall atá sa pháirc béal dorais leo. Téann sí chun é a fheiceáil agus cun tuí a thabhairt dó gach tráthnóna. Is minic a chaitheann sí tréimhsí fada ag caint leis faoi imeachtaí an lae.
- Tá suim ag Sharon in éadaí faiseanta, smideadh agus buachaillí. Ní raibh sí ag caitheamh go maith le Éile le deanaí.

Eochairfhocail

Twins =

Mother =

Married to=

Academic=

Fashion=

All girls school=

Make-up=

Ceisteanna le freagairt.

1. Cé mhéad atá sa chlann?
2. Ainmigh iad?
3. Cén post ata ag Timmy?
4. Cén saghas cailíní iad an cupla?

Caibidil 2

Foghlaimíonn muid sa chaibidil seo go bhfuil an cuma céanna ar na cailíní agus go raibh sé i gconaí deacair iad a aithint óna chéile – iad ard le gruaig fhada dhonn orthu agus súile gorma acu. Tá Sharon ag súil amach le Jack de Grás gan fhios dá tuismitheoirí: leaid ón gceantar a bhfuil carr spóirt aige. Insíonn sí breág dá tuismitheoirí. Deireann sí go raibh sí ag fanacht siar tar éis scoile chun tionscadal a dhéanamh ach is le Jack a bhí sí. Tugann sé síob abhaile di. Is spraoi-thiomanaí é.

Eochairfhocail

Appearance=

Hair=

Eyes=

Going out with=

Tells a lie=

Staying back=

Project=

Lift=

Joyrider=

Ceisteanna le freagairt

1. Cén cuma atá ar na cailíni?
2. Cé ata Sharon ag siúl amach le?
3. Cá raibh sí tar eis scoile?
4. Cén bréag a insíonn sí dá tuismitheoirí?

****

Caibidil 3

Faigheann Sharon téacs ó bhuachaill eile, *Jimmy,* ag iarraidh uirthi mitseáil ó rang agus bualadh leis ag "*Cúl Scoil na mBráithre inniu ag a 10".* Insionn si bréag dá deirfiúr ar an mbealach ar scoil ag rá go gcaithfidh si dul go dtí an siopa chun peann agus cóipleabhar a cheannach. Tá Éile buartha fúithi nuair nach bhfeiceann sí í sa rang staire nios déanaí..Tá a fhios ag Sharon go raibh si ag déanamh rud as an tslí ach "*thaitin an dainséar lei. "* Ach nuair a téann sí go cúl coil na mBráithre chun bualadh le Jimmy, feiceann sí a Daid agus Inion de Clár (muinteoir eile) ina baclainn agus iad ag pógadh.

Worried=

Ceisteanna le freagairt

1. Cen fáth nach bhfuil Sharon sa rang staire?
2. Cén bréag a insionn sí dá deirfiúr?
3. Céard a fheiceann Sharon ag cúl na scoile?

Eochairfhocail

Text=

Meet=

Back of the school=

****

Cai bidil 4

Ón bpointe se ar aghaidh feicimid go bhfuil Sharon borb le daoine agus drochbhéasach. Is léir go bhfuil sí trína chéile agus measctha suas ón méid atá feicithe aici. Ta sí borb ina cómhrá lena deirfiúr a chuir ceist uirthi "*an bhfuil tú ag déanamh do thionscadal inniu?*". Foghlaimíonn muid sa chaibidil nach bhfuil ach cúpla seachtain fágtha go dtí an Scrúdu anTeastas Sóisearaigh. Oíche amháin, tá Éile ag staidéar thuas staighre agus cloiseann si fuaim carr ag réabadh lasmuigh. Cúpla nóiméad ina dhiaidh sin tagann Sharon abhaile (deireann sí go raibh sí ar scoil ag obair ar a tionscadal OSSP) . Tá boladh óil uaithi agus tá sí ar meisce. Tá sí tar éis vodka a ól le Jack de Grás. Níl a fhios ag Sharon conas deileáil leis an rún seo. Céard a tharlódh dá scaoilfeadh sí an rún?

Eochairfhocail

Sharp=

Rude=

Confused=

upset=

conversation=

junior Cert exam=

smell of drink=

drunk=

deal with=

secret=

what would happen=

if she told the secret=

Ceisteanna le freagairt

1. Cén fáth bhfuil Sharon drochbhéasach?

2. Cén fáth bhfuil Sharon ag ól i do thuairim?
3. Cén bliain ina bhfuil na cailiní ar scoil, meas tú?

Caibidil 5

Tá teannas sa charr idir Sharon agus a hathair agus iad ag teacht abhaile ón scoil an lá dár gcionn. Is dócha nach bhfuil sí ag mothú ró-mhaith tar éis an vodka freisin. Tá ceann Sharon ag scoilteadh an oíche sin: ní hamháin de dheasca an vodka ach toisc an méid a chonaic sí ag cúl na scoile.

Níl ag eirí go ró-mhaith ag Sharon ar scoil. Ní eiríonn lei ach 21% a fháil i scrúdu ar scoill. Éirionn go brea le Éile. Is léir go bhfuil rudaí ag cur isteach ar Sharon ach nach bhfuil si aibí go leor deaileáil leo. Mar sin, bionn sí ag pleidhcíocht ar scoil. Mar shampla, caitheann sí mala dalta eile amach an fhuinneog. Brúnn sí an dalta sin amach an fhuinneog nuair a tá si ag iarraidh a mála a fháil ar ais. Cuireann sí superglue ar an nglantóír. Goideann sí na marcóírí sealadacha ón mbord agus fagann sí ceann buan. Tarraingíonn sí cathaoir ón dalta nuair a thagann sí ar ais sa seomra tar éis a mála a fháil ó lasmuigh den fhuinneog.

Eochairfhocail

tension=

feeling well=

splitting headache=

throws=

pushes=

puts=

steals=

pulls=

Ceisteanna le freagairt

1. Tabhair dhá fháth a bhfuil ceann Sharon ag scoilteadh?
2. Tabhair trí shampla den drochiompar agus pleidhcíocht a dhéanann Sharon ar scoil?

****

Caibidil 6

Úsáidtear an chaint idir Éile agus an capall chun eolas a thabhairt dúinn – an lucht leitheoireachta. Foghlaimíonn muid ón gcaint atá ag Éile leis an gcapall go bhfuil Sharon ag *"fanacht amuigh gach aon oíche. Diúltaíonn sí siob abhaile ó Dhaid. Ní fios d'éinne cá dtéann sí tar éis scoile. Nuair a thagann sí isteach san oíche is minic a mbíonn boladh óil uaithi…" " sa charr céanna a thagann sí abhaile gach oíche…" agus "…nuair a thagann sí isteach bíonn raic ann. Tá cosc curtha uirthi dul amach*

ach ní chloíonn sí leis… agus níl dada á rá ag daid lei…tá sé chomh haisteach.. níl mam agus Daid ag caint. Tá siad cloiste agam arís is arís ag argóint."

Deireann Mairéad le Timmy nach raibh cómhrá ceart acu le trí mhí anuas. Is léir go bhfuil cursaí go dona sa teach sa chaibidil seo. Déanann an mháthair iarracht Sharon a chur ar ais ar an mbóthar ceart ag bagairt na gardaí uirthi muna dtagann sí abhaile ag am ceart.

Is léir go bhfuil cúrsaí ag cur isteach ar Sharon mar níl sí ábalta airde ceart a thabhairt ar scoil. Bionn si i gcónai ag smaoineamh ar an rún atá aici. Caitheann si a cuid ama ag cur isteach ar dhaoine eile sa rang agus ag pleidhciocht nó ag caint faoi chúrsai faisin. Níl móran féinmheas aici mar, i mbun chómhrá lena cara, foghlaimíonn muid go bhfuil sí ag siúl amach le **ceathrar nó cúigear** buachaill ag an am céanna. (Jack, John, Thomas, Jason, Pete) agus is cuma lei. Ní bhíonn sí ach ag scigireacht faoi. Úsáideann sí iad chun toitíní nó vodka a cheannach dí nó fiú chun siob a thabhairt dí.

Ba mhaith lei dul go dtí an dioscó agus fiafraíonn sí cead de Dhaid. Deireann sí lei go bhfuil a rún ar eolas aici. Mar sin caithfidh sé cead a thabhairt di mar go bhfuil sí á chur faoi dhúmhal. Faigheann sí fiche euro uaidh freisin. Nuair a théann siad abhaile, ceapann Mairéad go bhfuil sé aisteach go bhfuil cead tugtha ag Daid di dul go dti an dioscó.

Eochairfhocail

Audience=

Refuses=

Lift=

Banned=

Effort=

Threat=

Self respect=

Skitting laughing=

Asks=

Strange=

Ceisteana le freagairt

1. Dean cur síos ar iompar Sharon le déanaí?

STOP AGUS DEAN MACHNAMCH (PAUSE AND REFLECT)

- Céard a tharla sa scéal? (Aimsir Chaite)
- Cén carachtar is fear leat? Cén fáth?
- An bhfuil trua agat do Sharon ? Cén fáth?
- Téigh ar ais ar na heochairfhocail agus na ceisteanna ar fad go dtí an pointe seo sa scéal ?
- Céard a cheapann tú a tharóidh anois?

Caibidil 7

Socraíonn Timmy go mba ceart do na cailíní dul chuig na gaeltachta díreach tar eis an Teastas Sóisearaigh. Níl Éile sásta dul mar mothóidh sí an capall uaithi. Tá Sharon lan sásta dul mar bheadh buachaillí dathúla ó Bhaile Atha Cliath ann. Ag an bpointe seo tá buachaill eile ag Sharon. Mícheal O Laoire– gránna ach is Cuma lei mar go bhfuil carr aige agus tugann sé deoch saor in aice di.

Eochairfhocail

She will miss=

Ugly=

Free=

Ceisteanna le freagairt

1. Cen fáth a shocaríonn Timmy nach cailíní a chur as baile agus chuig na gaeltachta ar feadh tamaillin?
2. Cén sórt buachaill é Micheal , i do bharúil?

****

Caibidil 8

Sroicheann siad an Ghaeltacht agus níl Sharon sásta mar níl go leor buachailli ann. Tá Éile lán sásta nuair fheiceann sí cúirt cispheile iontach ann agus cailíní a bhfuil aithne aici orthu trid an gcispheil.

Tar éis tamaill buaileann Sharon le cailíní " *a bhfuil pearsantacht acu*" agus a bhfuil na suimeanna céanna acu is atá aici – smideadh, éadaí &rl

Fanann Timmy agus Mairéad in óstán ar feadh cúpla lá agius réitíonn siad go maith le chéile. Socraíonn sé briseadh suas leis an mbean eile agus an fhírinne a insint do Mhairéad agus, tar eis smaoineamh fada faoi, deireann sí go bhfuil sí ag iarraidh scarúint uaidh.

Eochairfhocail

Personality=

He decides

To tell the truth=

Separate=

Ceisteanna le freagairt

1. Conas ar eirigh leis na cailiní sa Ghaeltacht?
2. Conas ar eirigh le Timmy agus Mairéad nuair a scaoil sé a rún di?

**********Caibidil 9**

Oiche amháin ag ceile sa Ghaeltacht, téann Sharon agus a cairde amach go dtí an pháirc leis na leaids agus tugann an muinteoir ídé beil dóíbh agus deireann sí leo filleadh ar an gceilí sa halla . Déanann sí cinneadh le buachaill amháin, Jamie, chun bualadh leis ag a 1 a chlog ar maidin. Téann sí amach an fhuinneog fad is a bhí na cailíní eile in gcodladh. Caitheann siad hash. "ba bhreá liom triall a bhaint as." Beireann an Priomhoide agus an leas-phríomhoide orhtu. Níl a fhios ag Éile go dtí an lá dar gcionn ags tá imní uirthi faoina deirfiúr. Nuair a fheiceann si í, tosaíonn siad ag argóint agus ansin ag troid. Buaileann Saron í " *tharraing Sharon sceilp ar a deirfiúr agus leag ar an úrlár í.*

Eochairfhocail

Gives out to=

Date=

Smokes=

Hits=

Ceisteanna le freagairt

1. Cén rialacha a bhris Sharon sa choláiste sa Ghaeltacht?
2. Ar chaith sí go deas lena deirfiúr a bhí buartha fúithi?

**********Caibidil 10**

- Faigheann Timmy glao ghuthain ón gcoláiste go gcaithfidh sé Sharon a thógail abhaile

- Cuireann Sharon glao ar John, Tommy agus Jason agus ní raibh siad sásta siob abhaile a thabhairt dí. Bionn gach sórt leithscéal acu – obair, carr briste síos, cailín nua ag duine amháin.(Is léir nach bhfuil suim acu inti a thuilleadh).
- Sa deireadh cuireann sí glao ar Mhicheal O Laoire (an leaid grana nach bhfuil suim aici ann ach bhí carr aige agus ba mhian lei éalú.) Ar an mbealach abhaile, tógann siad piollaí le chéile. Ba mhaith lei trial as bhaint as an tiomáint agus lig sé di. Mharaigh siad caora ar an mbothar agus gháir siad faoi. Lean sí ar aghaidh níos tapúla go dti gur imigh an carr as smacht.

Eochairfhocail

Phonecall= excuses

Pills=

Driving=

Killed=

Laughed=

Continued=

Out of control=

Ceisteanna le freagairt

1. Déan cur síos ar an turas a rinne sí sa charr le Micheal.
2. An raibh Sharon as smacht i do thuairim?

****

Caibidil 11

Duisíonn Sharon san ospidéal ar an 25ú Lúnasa – 5 seachtain tar éis na timpiste. Tá a cos clé bainte. " *Cén fáth nach féidir liom mo chosa a bhogadh? Cén fáth nach féidir liom mo lámha a bhogadh? Cen fáth nach féidir liom labhairt?"*Tá cabhair ag teastáil uaithi dul go dti an leithreas. Tá cathaoir rotha aici. Braitheann sí náirithe, *"suile lán le trua ag fair uirthi"* Tagann Eile agus a máthair chun iad amach agus caithfidh siad dul san otharcharr. Stopann siad ag reilg a hathair *"Timmy O Braonain, a fuair bás an 10ú Iúil"* ansin feiceann sí reilg eile " *Micheal O Laoire, a cailleadh an 10ú Iúil. .*

Sin deireadh an scéil.

Eochairfhocail

Amputated=

Move=

Speak=

Grave=

Ceisteanna le freagairt

Céard a tharla do Mhicheal agus Timmy meas tú?

An críoch maith an crioch tragóid seo?

An raibh tú ag súil leis?

Cén mothúchain a mhusclaíonn sé ionat?

An bhfuil trua agat do Sharon?

BRAINSTORM DON SCRÚDÚ!

Féach ar iomhá den údar ar line/ an t-údar céanna An Cluiche Mór/ duaiseanna buaite aige mar údar/ muinteoir i nGaelCholaiste Luimnígh/

Déan liosta de na téamaí a fheiceann tú san úrscéal seo?

Déan liosta de na mothúchain a fheiceann tú san úrscéal seo?

Ar thaitin an t-úrscéal leat?

Cén carachtar is fearr leat?